Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12355/25**

**FIN 1008**
**INST 246**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Ráiteas comhpháirteach maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA), an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA), an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) agus an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) |

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**<u>DRÉACHTRÁITEAS COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LEIS AN nGNÍOMHAIREACHT EORPACH UM SHÁBHÁILTEACHT MHUIRÍ (EMSA), AN GHNÍOMHAIREACHT EORPACH CHOMHSHAOIL (EEA), AN GHNÍOMHAIREACHT EORPACH CEIMICEÁN (ECHA) AGUS AN tÚDARÁS EORPACH UM SHÁBHÁILTEACHT BIA (EFSA)</u>**

I gcomhréir le Pointe 27 den Chomhaontú Idirinstitiúideach (IIA) an 20 Nollaig 2020, aontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an méid seo a leanas, ar bhonn na faisnéise arna tarchur ag an gCoimisiún:

– Is féidir maoiniú na suimeanna a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais athbhreithnithe le haghaidh na *Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí* (EMSA) a bhaineann leis an bpacáiste sábháilteachta Muirí a áirithiú faoi uasteorainn chomhaontaithe chaiteachais cheannteideal 1 den chreat airgeadais bliantúil don tréimhse 2021 – 2027. Cuireadh suim rannaíochta bhliantúil an Aontais agus na poist sa phlean bunaíochta do EMSA don bhliain airgeadais 2025 san áireamh i mbuiséad 2025 cheana féin. Déanfar cinneadh maidir le ranníocaíocht bhliantúil an Aontais agus líon iomlán na bpost sa phlean bunaíochta do ESMA do na blianta airgeadais 2026 agus 2027 faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

– Is féidir maoiniú na suimeanna a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais le haghaidh na *Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil (EEA)* agus *na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA)* a áirithiú faoi uasteorainn chomhaontaithe chaiteachais cheannteideal 3 den chreat airgeadais bliantúil don tréimhse 2021 go 2027. Is féidir maoiniú na suimeanna a chuirtear i láthair sa ráiteas airgeadais le haghaidh an *Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA)* a áirithiú i mbuiséad reatha na gníomhaireachta. Cuireadh suim ranníocaíochtaí bhliantúil an Aontais agus na poist sa phlean bunaíochta le haghaidh *EEA agus ECHA* don bhliain airgeadais 2025 san áireamh i mbuiséad 2025 cheana féin. Déanfar cinneadh maidir le ranníocaíocht bhliantúil an Aontais agus líon iomlán na bpost sa phlean bunaíochta le haghaidh *EEA, ECHA* agus *EFSA* do na blianta airgeadais ó 2026 go 2027 faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.